2025/196

4.2.2025

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/196 ÓN gCOIMISIÚN

**an 3 Feabhra 2025**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 a mhéid a bhaineann le creidiúnú na gcomhlachtaí deimhniúcháin agus lena gceartaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(8) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá deimhniú ceart agus comhchuibhithe trí scéimeanna deonacha fíor-riachtanach chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí in-athnuaite gásacha agus leachtacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte ceanglais Threoir (AE) 2018/2001. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le hoibreoirí eacnamaíocha agus scéimeanna deonacha, leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ([2]) ón gCoimisiún rialacha comhchuibhithe is infheidhme maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin ar fad.

(2) Le linn chur chun feidhme na gceanglas ar na Ballstáit maidir le creidiúnú na gcomhlachtaí deimhniúcháin, mar a leagtar amach in Airteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996, thángthas ar an gconclúid go mbeadh tréimhse i bhfad níos faide ag teastáil chun go n-ullmhódh na Ballstáit na cláir chreidiúnaithe i gceart, agus rinneadh cur i bhfeidhm na gceanglas sin a chur siar ar feadh bliana cheana le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/805 ([3]) ón gCoimisiún dá bharr.

(3) Leis an obair ullmhúcháin ina dhiaidh sin a rinne na Ballstáit chun na forálacha maidir le creidiúnú na gcomhlachtaí deimhniúcháin a chur i bhfeidhm, sainaithníodh an gá atá le tuilleadh ama chun cláir chreidiúnaithe ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta na mBallstát a ullmhú agus a ghlacadh chomh maith le soiléiriú a dhéanamh ar na caighdeáin ar ar a mbonn is ceart cláir den sórt sin a ullmhú. Chun ullmhú na gclár creidiúnaithe ag údaráis inniúla na mBallstát a éascú, ba cheart próiseas éigeantach measúnaithe a thabhairt isteach freisin maidir le hoiriúnacht chaighdeáin deimhniúcháin na scéimeanna deonacha agus náisiúnta don chreidiúnú. Ba cheart an measúnú sin a bheith mar chuid de mheasúnú foriomlán na scéimeanna sula dtabharfaidh an Coimisiún aitheantas dóibh agus ba cheart é a dhéanamh i gcomhairle le comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta na mBallstát faoi ról comhordúcháin an Chomhair Eorpaigh don Chreidiúnú.

(4) Maidir leis an sainmhíniú le haghaidh 'comhlacht deimhniúcháin' in Airteagal 2(14) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996, ba cheart an sainmhíniú sin a leasú freisin chun é a ailíniú leis na forálacha nua maidir le creidiúnú.

(5) Chun leanúnachas gnó a áirithiú agus chun aon riosca go gcuirfí isteach ar an margadh deimhniúcháin a sheachaint, is gá foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse, is é sin idirthréimhse a mbeidh feidhm aici maidir le comhlachtaí deimhniúcháin atá i mbun gníomhaíochtaí deimhniúcháin thar ceann scéim dheonach nó náisiúnta a aithníonn an Coimisiún faoi dheireadh na hidirthréimhse. Ba cheart cead a bheith ag na comhlachtaí deimhniúcháin sin leanúint dá ngníomhaíochtaí gan gá le creidiúnú faoi Airteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 go dtí an 31 Nollaig 2026.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a fhíorú (IO L 168, 27.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/996/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/805 ón gCoimisiún an 7 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm Airteagal 11(1) den Rialachán sin (IO L, 2024/805, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/805/oj).

(6) Ina theannta sin, is gá freisin earráid shoiléir in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 a cheartú. Rinneadh na luachanna le haghaidh leasacháin nítrigine a bhabhtáil, trí earráid, leis na luachanna le haghaidh leasacháin úiré. Dá bhrí sin, ba cheart na luachanna sin a cheartú dá réir.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 a leasú agus a cheartú dá réir.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (14):

‘(14) ciallaíonn “comhlacht deimhniúcháin” comhlacht neamhspleách creidiúnaithe um measúnú comhréireachta a thugann comhaontú le scéim dheonach nó náisiúnta chun críche, is é sin scéim a aithníonn an Coimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 30(4) go Airteagal 30(6) de Threoir (AE) 2018/2001, chun seirbhísí deimhniúcháin a sholáthar le haghaidh amhábhair nó breoslaí trí iniúchtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha agus trí dheimhnithe a eisiúint thar ceann na scéimeanna deonacha nó náisiúnta trí úsáid a bhaint as córas deimhniúcháin na scéime deonaí nó náisiúnta;’;

(2) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘**Ceanglais maidir le comhlachtaí deimhniúcháin agus lena n-iniúchóirí**’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfar comhlacht deimhniúcháin a chreidiúnú do EN ISO/IEC 17065.

Nuair a dhéanann comhlacht deimhniúcháin gníomhaíochtaí fíorúcháin, lena acmhainní inmheánacha nó le hacmhainní eile atá faoina rialú díreach, comhlíonfaidh sé freisin ceanglais infheidhme EN ISO/IEC 17029 agus EN ISO 14065. Ní úsáidfidh an comhlacht deimhniúcháin acmhainní eile le haghaidh gníomhaíochtaí fíorúcháin ach amháin nuair is acmhainn de chuid comhlachtaí creidiúnaithe í, ar comhlacht creidiúnaithe é a chomhlíonann ceanglais infheidhme EN ISO/IEC 17029 agus EN ISO 14065.

Is comhlacht náisiúnta creidiúnaithe a dhéanfaidh comhlacht deimhniúcháin a chreidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus cumhdófar leis raon feidhme sonrach deimhniúcháin na scéime deonaí nó náisiúnta faoi raon feidhme Threoir (AE) 2018/2001.

Mar chuid den mheasúnú ar scéimeanna deonacha nó náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 30(4), (5) agus (6) de Threoir (AE) 2018/2001, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhar Eorpach don Chreidiúnú, ar cé acu atá nó nach bhfuil modheolaíochtaí, rialacha agus prótacail na scéimeanna deonacha nó náisiúnta oiriúnach do chreidiúnú chun críocha an Airteagail seo. Áireofar conclúid an mheasúnaithe ar oiriúnacht na scéimeanna deonacha agus náisiúnta don chreidiúnú sna tuarascálacha measúnaithe teicniúla arna n-ullmhú ag an gCoimisiún agus arna gcur faoi bhráid na mBallstát mar chuid de phróiseas aitheantais na scéimeanna deonacha agus náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 30(4) agus (6) de Threoir (AE) 2018/2001.

Maidir le modheolaíochtaí, rialacha agus prótacail na scéimeanna deonacha agus náisiúnta a aithníonn an Coimisiún ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo an 24 Feabhra 2025 nó roimhe sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú orthu faoin 31 Nollaig 2025 tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhar Eorpach don Chreidiúnú chun a áirithiú go bhfuil siad oiriúnach don chreidiúnú i gcomhréir leis an mír seo.’

(3) in Airteagal 28, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Beidh feidhm ag Airteagal 11(1) ón 1 Eanáir 2027.'

*Airteagal 2*

Ceartaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Feabhra 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

I bPointe 1.4.1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'I gcás leasacháin níotráite, is éard a bheidh sna hastaíochtaí ó neodrú na leasachán nítrigine san ithir 0,806 kg $CO_2$/kg N; i gcás leasacháin úiré, is éard a bheidh sna hastaíochtaí neodraithe 0,783 kg $CO_2$/kg N.'